TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
PRIIT PIKAMÄE
arna tabhairt an 13 Meitheamh 2024[1]

Cás C-134/23

Somateio 'Elliniko Symvoulio gia tous Prosfyges',
Astiki Mi Kerdoskopiki Etaireia 'Ypostirixi Prosfygon sto Aigaio'
v
Ypourgos Exoterikon,
Ypourgos Metanastefsis kai Asylou

(iarraidh ar réamhrialú ón Symvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig))

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Treoir 2013/32/AE – Airteagal 38 – Coincheap 'tríú tír shábháilte' – Cáilíocht na Tuirce mar 'thríú tír shábháilte' – An Comhaontú um athligean isteach daoine a chónaíonn gan údarú idir an tAontas agus an Tuirc – Athligean isteach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a bheith curtha ar fionraí *de facto*)

I. Réamhrá

1. Sa chás seo, d'iarr an Simvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig) réamhrialú maidir le léiriú Airteagal 38 de Threoir 2013/32/AE.[2]

2. Tagann na trí cheist a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur chun cinn i gcomhthéacs caingean le haghaidh neamhniú reachtaíochta náisiúnta lena n-ainmnítear an Tuirc mar thír shábháilte go ginearálta i ndáil le catagóirí áirithe d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, cé, in ainneoin comhaontú um athligean isteach a tugadh i gcrích leis an Aontas Eorpach, gur chuir an tír sin athligean isteach na n-iarratasóirí sin ar a críoch go ginearálta ar fionraí agus gan aon ionchas ann go n-athrófaí an seasamh sin.

3. Leis an gcás seo, tugtar deis don Chúirt soiléiriú a dhéanamh, ar thaobh amháin, ar an ngaol idir na coinníollacha chun tír a ainmniú mar thír shábháilte go ginearálta agus cur i bhfeidhm choincheap an 'tríú tír shábháilte' maidir le hiarratasóir ar leith ar chosaint idirnáisiúnta agus, ar an taobh eile, raon feidhme an cheanglais maidir leis an iarratasóir a ligean isteach nó athligean isteach a leagtar síos in Airteagal 38 de Threoir 2013/32.

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

[2] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coiteanna chun stádas cosanta idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar (IO 2013 L 180, lch. 60).

II. An dlí

A. Dlí an Aontais

1. An Comhaontú um athligean isteach idir an tAontas agus an Tuirc

4. An 16 Nollaig 2013, thug an tAontas Eorpach agus Poblacht na Tuirce Comhaontú i gcrích maidir le daoine a chónaíonn gan údarú a athligean isteach ('an Comhaontú um athligean isteach').[3] Daingníodh an Comhaontú thar ceann an Aontais Eorpaigh le Cinneadh ón gComhairle an 14 Aibreán 2014.[4]

5. Foráiltear le hAirteagal 4 den Chomhaontú um Athligean Isteach:

'1. Déanfaidh an Tuirc, arna iarraidh sin do Bhallstát agus gan iallach a bheith ar an mBallstát sin tabhairt faoi aon fhoirmiúlachtaí seachas na foirmiúlachtaí dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo, na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát uile nach gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann a thuilleadh na coinníollacha atá i bhfeidhm maidir le teacht isteach i gcríoch an Bhallstáit iarrthaigh, maidir le bheith i láthair inti nó maidir le cónaí inti má bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 10:

[...]

c) gur tháinig sé isteach go neamhdhleathach agus go díreach i gcríoch na mBallstát tar éis dó fanacht ar chríoch na Tuirce nó idirthuras a dhéanamh tríd.

2. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid um athligean isteach a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo sna cásanna seo a leanas:

[...]'

6. De bhun Chinneadh (AE) 2016/551 ón gComhairle an 23 Márta 2016,[5] tá feidhm ag an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 4 den Chomhaontú um athligean isteach ón 1 Meitheamh 2016.

2. Treoir 2013/32

7. Tá Airteagail 31, 33, 35 agus 38 de Threoir 2013/32 ábhartha don chás seo.

[3] IO 2014 L 134, lch. 3, ceartúchán IO 2014 L 331, lch. 40.

[4] IO 2014 L 134, lch. 1.

[5] Cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste um Athligean Isteach maidir le cinneadh ón gCoiste sin maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme Airteagail 4 agus 6 den [Chomhaontú maidir le hathligean isteach] ón 1 Meitheamh 2016 ar aghaidh (IO 2016 L 95, lch. 9).

B. Dlí na Gréige

1. Dlí na Gréige maidir le cosaint idirnáisiúnta

8. Le Nomos 4636/2019 peri diethnous prostasias kai alles diatakseis, arna leasú le Nomos 4686/2020 (an Dlí maidir le cosaint idirnáisiúnta agus forálacha eile, arna leasú, FEK A' 169/01.11.2019 agus FEK A' 96/12.05.2020; 'Dlí na Gréige maidir le cosaint idirnáisiúnta'), déantar Treoir 2013/32 a thrasuí i ndlí na Gréige.

9. Foráiltear le hAirteagal 86 de Dhlí na Gréige maidir le cosaint idirnáisiúnta:

'1. Measfar tír a bheith ina tríú tír shábháilte d'iarratasóir ar leith, i gcás ina gcomhlíonfar na critéir charnacha seo a leanas:

a) nach bhfuil bagairt ar bheatha agus saoirse an iarratasóra mar gheall ar chine, reiligiún, náisiúntacht, ballraíocht i ngrúpa sóisialta ar leith nó tuairim pholaitiúil;

b) go n-urramaíonn an tír sin prionsabal an *non-refoulement*, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive;

c) nach bhfuil aon bhaol ann go ndéanfaí díobháil thromchúiseach don iarratasóir de réir bhrí Airteagal 15 den Dlí seo;

d) go gcuireann an tír sin toirmeasc, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ar dhuine aonair a aistriú go tír ina bhfuil sé nó sí i mbaol céastóireachta nó íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach;

e) go bhfuil an fhéidearthacht ann aitheantas a lorg do stádas dídeanaí agus, má dheonaítear é, cosaint a fháil i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive; agus

f) go bhfuil nasc idir an t-iarratasóir agus an tríú tír sin, ar ar a bhonn a bheadh sé réasúnach don iarratasóir dul chuig an tír sin. Féadfar [...] idirthuras an iarratasóra trí thríú tír a mheas mar nasc idir an t-iarratasóir agus an tríú tír ar ar a bhonn a bheadh sé réasúnach don iarratasóir dul chuig an tír sin.

2. Déanfar comhlíonadh na gcritéar thuas a mheas ar bhonn cás ar chás agus i gcás gach iarratasóra aonair, mura rud é gur ainmníodh an tríú tír mar thír shábháilte go ginearálta agus go n-áirítear í ar liosta náisiúnta na dtríú tíortha sábháilte. Más amhlaidh an cás, féadfaidh an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta agóid a dhéanamh i gcoinne chur i bhfeidhm choincheap an "tríú tír shábháilte" ar an bhforas nach bhfuil an tríú tír sábháilte ina imthosca ar leith.

3. Cinnfear le comhordú aireachta ón Aire um Chosaint an tSaoránaigh agus ón Aire Gnóthaí Eachtracha, arna ghlacadh ar thogra ó Stiúrthóir na Seirbhíse Tearmainn, cé na tríú tíortha atá ainmnithe mar thíortha sábháilte de réir bhrí an Airteagail seo d'aicmí áirithe iarrthóirí tearmainn, ar bhonn a saintréithe sonracha (cine, reiligiún, etc.) chun críocha iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú. Na gnéithe a chuirtear san áireamh chun an comhordú aireachta thuasluaite a ghlacadh (córas dlí inmheánach an tríú tír, comhaontuithe idirnáisiúnta déthaobhacha nó ilpháirtí nó comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir an tríú tír agus an tAontas Eorpach agus cleachtas náisiúnta), ní mór iad a bheith cothrom le dáta agus teacht ó fhoinsí iontaofa faisnéise, lena n-áirítear foinsí oifigiúla taidhleoireachta sa Ghréig agus thar lear,

an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, reachtaíocht na mBallstát eile a bhaineann leis an gcoincheap maidir le "tríú tíortha sábháilte", An Chomhairle Eorpach agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe. Tá an liosta seo faoi réir athbhreithnithe éigeantaigh i mí na Samhna gach bliain. I gcás ina bhfuil athruithe suntasacha i staid chearta an duine i dtír atá ainmnithe mar thríú tír shábháilte, déanfar an t-ainmniú sin a athbhreithniú a luaithe is féidir agus roimh an sprioc-am bliantúil dá dtagraítear san abairt roimhe seo. Cuirfear aon chinneadh ainmniúcháin in iúl don Choimisiún Eorpach.

[...]

5. I gcás nach gceadaíonn an tríú tír thuasluaite don iarratasóir dul isteach ina críoch, scrúdóidh na húdaráis inniúla substaint an iarratais.

[...]'

2. Na comhorduithe aireachta

10. Faoin gcumhachtú dá bhforáiltear in Airteagal 86 de Dhlí na Gréige maidir le cosaint idirnáisiúnta, glacadh Koini Ypourgiki apofasi 42799/3.6.2021, dar teideal 'Kathorismos triton choron pou charaktirizontai os Asfaleis kai katartisi Ethnikou katalogou, kata ta orizomena sto arthro 86 tou nomou 4626/2019 (A'169)' (Comhordú Aireachta 42799/3.6.2021, dar teideal 'Cinneadh maidir le tríú tíortha atá ainmnithe mar thíortha sábháilte agus bunú liosta náisiúnta i gcomhréir le forálacha Airteagal 86 de Dhlí 4626/2019 (A'169)', FEK B 2425/7.6.2021 ('an Chéad Chomhordú Aireachta"), lena bhforáiltear gur tríú tír shábháilte í an Tuirc d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta arb í an tSiria, an Afganastáin, an Phacastáin, an Bhanglaidéis agus an tSomáil a dtír thionscnaimh.

11. Cuireadh Koini Ypourgiki apofasi 458568/15.12.2021, dar teideal 'Tropopoiisi tis yp.ar. 42799/3.6.2021 koinis apofasis ton Ypourgon Exoterikon kai Metanastefsis kai Asylou "Kathorismos triton choron pou charaktirizontai os asfaleis kai katartisi ethnikou katalogou, kata ta orizomena sto arthro 86 tou nomou 4636/2019 (A'169)"' (Comhordú Aireachta 458568/15.12.2021 lena leasaítear Comhordú Aireachta 42799/3.6.2021 ó na hAirí Gnóthaí Eachtracha agus Inimirce agus Tearmainn, dar teideal 'Tríú tíortha atá ainmnithe mar thíortha sábháilte a chinneadh agus liosta náisiúnta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 86 de Dhlí 4626/2019 (A'169)'), (FEK B' 5949/16.12.2021), ('an Dara Comhordú Aireachta'), in ionad an Chéad Chomhordú Aireachta.

12. Foráiltear arís sa Dara Comhordú Aireachta gur tríú tír shábháilte í an Tuirc d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta arb í an tSiria, an Afganastáin, an Phacastáin, an Bhanglaidéis agus an tSomáil a dtír thionscnaimh.

III. Na fíorais is cúis leis an díospóid, na príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh chun réamhrialú

13. Thug an Somateio 'Elliniko Symvoulio gia tous Prosfyges' agus an Astiki Mi Kerdoskopiki Etaireia 'Ypostirixi Prosfygon sto Aigaio' ('na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí'), a oibríonn ar mhaithe le dídeanaithe, caingean os comhair an Simvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an

Ghréig) i gcoinne an Chéad Chomhordú Aireachta agus ansin i gcoinne an Dara hOrdú Aireachta, ar an bhforas, *inter alia*, go raibh siad contrártha le hAirteagal 86 den Dlí maidir le cosaint idirnáisiúnta agus le hAirteagal 38 de Threoir 2013/32.

14. Go háirithe, maíonn na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, ar an gcéad dul síos, nach ráthaítear 'le comhaontuithe idirnáisiúnta' an fhéidearthacht na hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chumhdaítear leis na horduithe sin a athligean isteach sa Tuirc agus, ar an dara dul síos, nach bhfuil aon ionchas réasúnach ann go ndéanfar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athligean isteach sa tríú tír sin ós rud é go gur chuir an Tuirc athligean isteach ina críoch ar fionraí ó mhí an Mhárta 2020 agus ó phaindéim COVID-19.

15. Is léir ón iarraidh ar réamhrialú, tar éis di a chinneadh nach raibh ach an chaingean le haghaidh neamhniú a tionscnaíodh i gcoinne an Dara hOrdú Aireachta inghlactha, gur chinn an chúirt a rinne an tarchur, a mhéid a rinne na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí gearán nach raibh aon oibleagáid dhlíthiúil ar an Tuirc iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athligean isteach ón nGréig, nach mór diúltú don ghearán sin. Ag féachaint go háirithe don Chomhaontú um Athligean Isteach, mheas an chúirt a rinne an tarchur go raibh oibleagáid dhlíthiúil den sórt sin glactha ag an Tuirc.

16. Ar an taobh eile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur ar chomhlíon an Tuirc an oibleagáid sin i ndáiríre, i bhfianaise an fhíorais, ar ghlac údaráis na Gréige leis freisin, gur scoir an tríú tír sin d'athligean isteach ina críoch, ó mhí an Mhárta 2020 i leith agus gan a leithéid de chás gur dócha go n-athróidh sé sin go luath amach anseo, iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar measadh a n-iarratais a bheith neamh-inghlactha sa Ghréig faoin gcoincheap 'tríú tír shábháilte'.

17. I ndáil leis sin, tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur do thuairimí éagsúla a cuireadh in iúl os a comhair maidir leis an gceist sin.

18. De réir na tuairime ó thromlach chomhaltaí na cúirte sin, is réamhchoinníoll é an fhéidearthacht an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a athligean isteach sa tríú tír lena mbaineann chun an tír sin a ainmniú mar 'thríú tír shábháilte' de réir bhrí Airteagal 38 de Threoir 2013/32, ag féachaint, go háirithe, don chuspóir, dá dtagraítear go háirithe in aithris 18 agus a chuirtear in iúl freisin in Airteagal 31(2) de, chun a áirithiú go ndéanfar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil chomh tapa agus is féidir. Ní dhéanfadh léiriú eile ach síneadh a chur le fad an scrúdaithe ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, leis an éiginnteacht maidir le fanacht an iarratasóra sa tír inar thíolaic sé nó sí a iarratas nó a hiarratas, gan an baol a chur as an áireamh go bhfillfí é nó í ar thír ina bhféadfaí géarleanúint a dhéanamh air nó uirthi ná go bhféadfaí cur isteach ar an gcaidreamh idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, ní féidir le Ballstát liosta náisiúnta de thríú tíortha atá sábháilte go ginearálta a tharraingt suas, mar a cheadaítear le hAirteagal 38(2) de Threoir 2013/32, mura n-áirithíonn an tríú tír atá i gceist comhlíonadh éifeachtach na hoibleagáide dlíthiúla atá glactha aici uirthi féin. Dá réir sin, tá tromlach chomhaltaí na cúirte a rinne an tarchur den tuairim gur cheart seasamh leis an gcaingean chun an Dara Comhordú Aireachta a chur ar neamhní.

19. Deir an chúirt a rinne an tarchur, áfach, go n-aontaíonn comhaltaí eile den chúirt a rinne an tarchur le léiriú difriúil ar fhorálacha Threoir 2013/32. De réir na gcomhaltaí sin, ní gné de bhailíocht an ghnímh rialála lena n-ainmnítear tír mar thír shábháilte i gcoitinne é an scrúdú ar an gcoinníoll maidir le glacadh éifeachtach le hathligean isteach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, ach ní mór é a dhéanamh ag céimeanna níos déanaí den nós imeachta riaracháin. Is coinníoll é lena rialaítear bailíocht an ghnímh aonair lena meastar go bhfuil iarratas sonrach ar

chosaint idirnáisiúnta neamh-inghlactha faoin gcoincheap 'tríú tír shábháilte', nó bailíocht chur chun feidhme an chinnidh lena gcuirtear gníomh den sórt sin chun feidhme. Dar leis na comhaltaí sin den chúirt a rinne an tarchur, ba cheart, dá bhrí sin, an chaingean le haghaidh neamhniú arna tionscnamh i gcoinne an Dara Comhordú Aireachta a dhíbhe toisc í a bheith gan bhunús.

20. Sna himthosca sin, chinn Simvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) An gá Airteagal 38 de [Threoir 2013/32] arna léamh i gcomhar le hAirteagal 18 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta (rialála) lena n-aicmítear triú tír mar thriú tír atá sábháilte go ginearálta do chatagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i gcás inar thug an tír sin gealltanas dlíthiúil na catagóirí sin iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athligean isteach ar a críoch, ach gur cosúil gur dhiúltaigh sí athligean isteach ar feadh tréimhse fada ama (níos mó ná 20 mí sa chás seo) agus nach cosúil go ndearnadh imscrúdú ar an bhféidearthacht go ndéanfadh sí a seasamh a athrú go luath amach anseo? nó

2) an gá é a léiriú sa chiall nach ceann de na coinníollacha carnacha é athligean isteach sa tríú tír chun an cinneadh náisiúnta (rialála), lena n-aicmítear tríú tír mar thriú tír atá sábháilte go ginearálta do chatagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta tríú tír, a ghlacadh, ach gur ceann de na coinníollacha carnacha é chun cinneadh aonair lena ndiúltaítear iarratas sonrach ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith do-ghlactha a ghlacadh ar fhoras an "tríú tír sábháilte"? nó

3) an gá é a léiriú sa chiall, i gcás ina bhfuil an cinneadh lena ndiúltaítear an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta bunaithe ar fhoras an "triú tír sábhailte", nach bhfuil athligean isteach sa "tríú tír shábháilte" le fíorú ach amháin nuair a dhéantar an cinneadh a fhorghníomhú?'

IV. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

21. D'iarr an chúirt a rinne an tarchur go ndéileálfaí leis an gcás seo faoin nós imeachta brostaithe, de bhun Airteagal 105(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais. An 31 Márta 2023, chinn Uachtarán na Cúirte, tar éis dó an Breitheamh is Rapóirtéir agus an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, nach raibh aon ghá an iarraidh sin a dheonú.

22. Chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, Rialtas na Seice, Rialtas na Gearmáine, Rialtas na Gréige, Rialtas na Cipire, Rialtas na hUngáire agus Rialtas na hÍsiltíre agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn isteach.

23. Ag éisteacht an 14 Márta 2024, chuir na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, Rialtas na Gréige agus an Coimisiún Eorpach argóint ó bhéal i láthair.

V. Anailís

A. Réamhbharúlacha

24. Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcuirtear cosc le forálacha Airteagal 38 de Threoir 2013/32 ar Bhallstát tríú tír a ainmniú, trí ghníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige, mar 'thríú tír shábháilte' nuair a chinn an tír sin, roimh an ainmniú sin, in ainneoin a gealltanais dhlíthiúil, athligean isteach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ina críoch a chur ar fionraí *de facto*.

25. Leis an dara agus an tríú ceist a fhoirmlítear mar mhalairt ar an gcéad cheist, féachann an chúirt sin lena fháil amach an bhfuil glacadh gnímh aonair lena meastar go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta neamh-inghlactha faoi choincheap an 'tríú tír shábháilte' faoi réir ligean isteach nó athligean isteach an iarratasóra i gcríoch na tíre sin nó an gá an coinníoll sin a fhíorú ach amháin tráth chur chun feidhme an chinnidh sin.

26. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtugtar caingean os comhair na cúirte sin ach amháin chun reachtaíocht náisiúnta a chur ar neamhní lena n-áirítear an Tuirc ar liosta náisiúnta de thríú tíortha sábháilte, agus mar thoradh air sin nach mbaineann an díospóid sna príomhimeachtaí le bailíocht cinntí aonair neamh-inghlacthachta arna ndéanamh ar bhonn Airteagal 33(2)(c) de Threoir 2013/32. Ón taobh sin de, is féidir a mheas gur leor an freagra a thabharfaidh an Chúirt ar an gcéad cheist chun go mbeidh an chúirt a rinne an tarchur in ann rialú a dhéanamh ar an díospóid sna príomhimeachtaí[6] agus go bhfuil an dara agus an tríú ceist neamh-inghlactha.

27. Mar sin féin, ba cheart a mheabhrú, i gcomhthéacs an nós imeachta a bhunaítear le hAirteagal 267 CFAE lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, gur faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas an cás atá os a comhair a chinneadh.[7]

28. Sa chás seo, is léir ó fhorais na hiarrata ar réamhrialú go bhfuil an chúirt a rinne an tarchur níos éiginnte maidir leis na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann le diúltú tríú tír atá ainmnithe mar thír shábháilte go ginearálta d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nuair a thagann iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta isteach ina críoch. Ón taobh sin de, fiafraíonn an chúirt sin an tráth nach mór an diúltú sin a chur san áireamh agus samhlaítear, ina leith sin, trí chéim, eadhon, ainmniú tríú tír, trí bheart a bhfuil feidhm ghinearálta aige, a bheith sábháilte, glacadh cinnidh aonair maidir le neamh-inghlacthacht de bhun an choincheapa sin, agus céim chur chun feidhme an chinnidh sin.

29. I bhfianaise na ceiste sin, ní mór don chúirt a rinne an tarchur, chun an díospóid atá os a comhair a chinneadh agus láneolas aici ar na fíorais, treoir iomlán a bheith aici maidir le léiriú Airteagal 38 de Threoir 2013/32 lena gcuirtear ar a cumas iarmhairtí an diúltaithe ag an tríú tír lena mbaineann agus an chéim den nós imeachta ag a gcaithfear an diúltú sin a chur san áireamh a shainaithint go beacht.

[6] I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair, nach faoin gCúirt atá sé tuairimí comhairleacha a thabhairt maidir le ceisteanna ginearálta nó hipitéiseacha. Féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2022, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid* (Íospartach na gáinneála ar dhaoine a bhaint) (C-66/21, EU:C:2022:809, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[7] Breithiúnas an 18 Eanáir 2024, *Hewlett Packard Development Company* (C-367/21, EU:C:2024:61, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30. Maidir leis an riachtanas sin, feictear dom gurb é atá i gceist leis an ngá atá le freagra úsáideach a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur ní hamháin scrúdú a dhéanamh ar an gcéad cheist a bhaineann le bailíocht gnímh a bhfuil feidhm ghinearálta aige, ach freisin, i gcás nach gcuireann dlí an Aontais bac ar ghníomh den sórt sin a ghlacadh, an dara ceist agus an tríú ceist a bhaineann leis an ngníomh aonair arna ghlacadh faoi choincheap an 'tríú tír shábháilte'.

B. Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

31. Ar dtús, ba mhaith liom a chur in iúl, i mo Thuairim i gCásanna Uamtha *Országos Idegenrendézeti Főigazgatóság Dél-alföldi Regionális Igazgatóság*,[8] gur áitigh mé nach gcuireann an easpa cinnteachta maidir le ligean isteach nó athligean isteach sa tríú tír shábháilte bac ar chinneadh neamh-inghlacthachta a ghlacadh bunaithe ar fhorálacha Airteagal 38 de Threoir 2013/32 agus nár cheart an teacht isteach sa tír sin a fhíorú ach amháin tráth chur chun feidhme an chinnidh sin.

32. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, nár rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais, ina breithiúnas an 14 Bealtaine 2020, maidir le léiriú fhorálacha an Airteagail sin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ligean isteach nó a athligean isteach, ar an bhforas nach raibh ceisteanna na cúirte a rinne an tarchur ina leith sin inghlactha.[9]

33. Ina dhiaidh sin, is léir ón bhfaisnéis a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil agus ó na mínithe a thug Rialtas na Gréige ag an éisteacht go raibh cur chun feidhme cinntí maidir le neamh-inghlacthacht bunaithe ar ainmniú na Tuirce mar thír shábháilte go ginearálta faoi réir diúltú ginearálta agus iomlán, ar feadh tréimhse éiginnte agus gan aon ionchas ann go dtiocfaidh athrú ar an seasamh sin, ag an tír sin chun iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athligean isteach.[10] Mar sin féin, cuireann na himthosca sin orm, a mhéid a eisiatar leis, *ab initio*, iontráil an iarratasóra i gcríoch na tíre a ainmnítear mar thír shábháilte go ginearálta, trasuíomh na hanailíse a mhol mé don Chúirt a leanúint roimhe seo a chur as an áireamh.

34. Mar sin féin, ní féidir leis an bhfachtóir sin amháin, i mo thuairimse, an iarmhairt *dhlíthiúil* a bheith aige amhras a chaitheamh ar ainmniú tíre mar thír shábháilte go ginearálta. Leanann sé ó fhoclaíocht agus ó struchtúr Airteagal 38 de Threoir 2013/32 nach ionann ceanglas maidir le hiarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a ligean isteach nó a athligean isteach agus coinníoll maidir le bailíocht gnímh den sórt sin. Dá bhrí sin, molfaidh mé don Chúirt freagra diúltach a thabhairt ar an gcéad cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú (Roinn 1).

35. Ar an taobh eile, measaim, ar na cúiseanna céanna, go gcuirtear cosc leis an Airteagal sin ar údaráis inniúla Ballstáit cinneadh aonair maidir le neamh-inghlacthacht a ghlacadh bunaithe ar an gcoincheap 'tríú tír shábháilte' i gcás ina bhfuair sé, ó thráth an scrúdaithe aonair ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, an *chinnteacht* nach ndéanfar an t-iarratasóir a ligean isteach ná a athligean isteach sa tír sin (Roinn 2).

[8] C-924/19 PPU agus C-925/19 PPU, EU:C:2020:294, míreanna 111 go 114 agus 127.

[9] Breithiúnas an 14 Bealtaine 2020, *Országos Idegenrendézeti Főigazgatóság Dél-alföldi Regionális Igazgatóság* (C-924/19 PPU agus C-925/19 PPU, EU:C:2020:367, míreanna 172 go 174).

[10] Leagtar amach seasamh Rialtas na Tuirce sa séú tuarascáil bhliantúil maidir leis an tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc [COM(2022) 243 final]. Sa teachtaireacht sin chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa, tugann an Coimisiún an méid seo a leanas dá aire go háirithe: 'Mar fhreagairt ar iarrataí a rinne údaráis na Gréige agus an Coimisiún Eorpach maidir le hoibríochtaí um fhilleadh a atosú, dúirt an Tuirc nach ndéanfar aon oibríocht um fhilleadh mura gcuirfear stop leis an mbrú siar líomhnaithe feadh theorainn na Tuirce agus na Gréige agus mura gcúlghairfidh an Ghréig a cinneadh an Tuirc a mheas mar thríú tír shábháilte').

1. An chéad cheist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

36. Le hAirteagal 33(2) de Threoir 2013/32, leagtar amach liosta uileghabhálach de na cásanna ina bhféadfaidh na Ballstáit a mheas nach bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta inghlactha.[11] I measc na gcúiseanna sin, foráiltear le pointe (c) den Airteagal sin go bhféadfadh Ballstát a mheas go bhfuil iarratas neamh-inghlactha i gcás ina meastar gur 'tríú tír shábháilte' í tír nach Ballstát í faoi Airteagal 38 den Treoir sin.

37. Lena breithiúnas an 19 Márta 2020, shonraigh an Chúirt go bhfuil cur i bhfeidhm an choincheapa 'tríú tír shábháilte' faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i míreanna 1 go 4 den Airteagal sin.[12] Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta Bobek faoi deara, féadfar cur síos a dhéanamh ar na coinníollacha sin, go bunúsach, mar *phrionsabail*, *rialacha* agus *coimircí*.[13]

38. Ar an gcéad dul síos, faoi Airteagal 38(1) de Threoir 2013/32, ní fhéadfaidh na Ballstáit coincheap an 'tríú tír shábháilte' a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina bhfuil na húdaráis inniúla sásta go gcomhlíontar, sa tríú tír lena mbaineann, na prionsabail seo a leanas a liostaítear i bpointí (a) go (e) den mhír sin: (a) nach bhfuil eagla ar an iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta faoina shaol nó faoina shaoirse mar gheall ar a chine, a reiligiún, a náisiúntacht, a bhallraíocht i ngrúpa sóisialta ar leith nó a thuairim pholaitiúil; (b) nach bhfuil an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta i mbaol díobháil thromchúiseach a fhulaingt de réir bhrí Threoir 2011/95/AE;[14] (c) go n-urramaítear prionsabal an *non-refoulement* i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive;[15] (d) toirmisctear bearta aistrithe a ghlacadh atá contrártha don toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde atá cruálach, mídhaonna nó táireach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus (e) tá an fhéidearthacht ag an iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta iarratas a dhéanamh ar stádas dídeanaí agus, má dheonaítear stádas dídeanaí dó, go ndeonófar cosaint dó i gcomhréir le Coinbhinsiún na Ginéive.

39. Ina dhiaidh sin, leagtar síos na rialacha in Airteagal 38(2) de Threoir 2013/32. Dá réir sin, tá cur i bhfeidhm choincheap an 'tríú tír shábháilte' faoi réir na rialacha a leagtar síos sa dlí náisiúnta. Áireofar ar na rialacha sin, go háirithe, (a) na rialacha lena bhforáiltear do cheangal a bheith ann idir an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta agus an tríú tír lena mbaineann sa mhéid go mbeadh sé réasúnta don iarratasóir filleadh ar an tír sin; (b) iad siúd a bhaineann leis na modhanna arna gcur i bhfeidhm ag na húdaráis inniúla chun a áirithiú gur féidir coincheap an tríú tír shábháilte a chur i bhfeidhm maidir le tír ar leith nó maidir le hiarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta shonrach; (c) iad siúd, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-údaraítear scrúdú aonair d'fhonn a chinneadh an bhfuil an tríú tír lena mbaineann sábháilte d'iarratasóir ar leith ar

[11] Breithiúnas an 8 Feabhra 2024, *Bundesrepublik Deutschland* (Inghlacthacht iarratais iardain) (C-216/22, EU:C:2024:122, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[12] Breithiúnas an 19 Márta 2020, *Bevándorlási és Menekültügyi Hivatal (Tompa)* (C-564/18, EU:C:2020:218, mír 36). Ina theannta sin, ba cheart a chur i bhfios go láidir go leagtar síos sa Chomhaontú um athligean isteach na coinníollacha faoina bhféadfar catagóirí áirithe imirceach a athligean isteach i gcríoch na Tuirce. Leis an gComhaontú sin, ní bhunaítear ach creat dlíthiúil ginearálta atá éagsúil leis na rialacha nós imeachta comhchoiteanna chun cosaint idirnáisiúnta arna rialú le Treoir 2013/32 a dheonú agus a tharraingt siar. Dá bhrí sin, ní dhéanann an Comhaontú sin difear do chur i bhfeidhm an choincheapa 'tríú tír shábháilte', nach mbraitheann ach ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i míreanna 1 go 4 den Treoir sin.

[13] Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Bobek in *LH (Tompa)* (C-564/18, EU:C:2019:1056, mír 42).

[14] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar (IO 2011 L 337, lch. 9).

[15] An Coinbhinsiún maidir le Stádas Dídeanaithe, a síníodh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951 (*Recueil des traités des Nations unies*, Iml. 189, lch. 137, Uimh. 2545 (1954)).

chosaint idirnáisiúnta agus, sa chomhthéacs sin, lena gceadaítear don iarratasóir sin agóid a dhéanamh i gcoinne chur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte maidir lena staid ar leith agus maidir le nasc a bheith ann idir é féin agus an tír sin.

40. Ar deireadh, maidir leis na ráthaíochtaí sin agus sa bhreis ar an bhféidearthacht sin chun agóid a dhéanamh, ceanglaítear le hAirteagal 38(3) de Threoir 2013/32 ar na Ballstáit, a chuireann cinneadh chun feidhme atá bunaithe ar choincheap an 'tríú tír shábháilte' amháin, an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi sin agus doiciméad a sholáthar dó lena gcuirtear in iúl d'údaráis an tríú tír sin, i dteanga na tíre sin, nár scrúdaíodh an t-iarratas maidir lena fhiúntas. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 38(4) den Treoir sin, i gcás nach gceadaíonn an tríú tír don iarratasóir dul isteach ina críoch, go n-áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh an duine sin imeachtaí a thionscnamh i gcomhréir leis na bunphrionsabail agus na ráthaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil II den Treoir sin.

41. Feictear dom gur féidir dhá thátal a bhaint as foclaíocht agus struchtúr Airteagal 38 de Threoir 2013/32.

42. Ar an gcéad dul síos, is beag amhras atá ann go n-údaraítear le forálacha an Airteagail sin do Bhallstát tír a ainmniú, trí ghníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige, mar 'thríú tír shábháilte'. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara go bhforáiltear go sainráite leis na modhanna dá dtagraítear in Airteagal 38(2)(b) den Treoir sin do 'scrúdú cás ar chás ar shábháilteacht na tíre d'iarratasóir ar leith agus/*nó d'ainmniú ag an mBallstát ar thíortha a mheastar a bheith sábháilte go ginearálta*'.[16] [Aistriúchán neamhoifigiúil]

43. Ar an gcaoi chéanna, ceanglaítear le hAirteagal 38(2)(c) den Treoir sin ar na Ballstáit rialacha a leagan síos lena gcuirtear ar chumas an iarratasóra agóid a dhéanamh i gcoinne chur i bhfeidhm an choincheapa 'tríú tír shábháilte' *ar an bhforas nach bhfuil an tríú tír sábháilte ina chás ar leith*, rud a fhágann go bhféadfadh scrúdú ar staid aonair an duine lena mbaineann a bheith mar chuid de ghníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige a ghlac Ballstát roimhe sin.

44. Thairis sin, tacaíonn léamh ar aithris 44 de Threoir 2013/32 le léiriú den sórt sin, ina dtagraítear do bhunú 'prionsabal coiteann maidir le tríú tíortha a chur san áireamh nó a ainmniú mar thíortha sábháilte ag na Ballstáit'. Níos sainráite fós, luaitear in aithris 46 den Treoir sin 'i gcás ina n-ainmníonn na Ballstáit [...] tíortha sábháilte trí liostaí a ghlacadh chun na críche sin', gur cheart dóibh brath ar fhaisnéis agus ar shonraí ábhartha.[17] [Aistriúcháin neamhoifigiúla]

45. Ar an dara dul síos, measaim nach bhfuil bailíocht gnímh a bhfuil feidhm ghinearálta aige lena n-ainmnítear tríú tír mar thír shábháilte faoi réir ceanglas a bhaineann le hiarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a ligean isteach nó a athligean isteach.

46. I ndáil leis sin, is cosúil gur gá idirdhealú a dhéanamh idir, ar thaobh amháin, na ceanglais is gá chun an coincheap 'tríú tír shábháilte' a *chur i bhfeidhm* ar iarratasóir ar leith ar chosaint idirnáisiúnta, lena gceanglaítear comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 38(1) go (4) de Threoir 2013/32, agus, ar an taobh eile, na coinníollacha is gá chun tríú tír a *ainmniú* mar

[16] Béim curtha leis.

[17] Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhforáiltear go sainráite in Airteagal 60 agus 64 de Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L 2024/1348, 22.5.2024), gur féidir tríú tír a ainmniú mar thríú tír shábháilte ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

thír shábháilte go ginearálta i ndáil le gach iarratasóir nó catagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. I mo thuairimse, eascraíonn an t-idirdhealú sin ó struchtúr an ailt sin, rud a éilíonn idirdhealú a dhéanamh idir céimeanna éagsúla.

47. I ndáil leis sin, chun a bheith cinnte go gcaithfear leis an iarratasóir i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 38(1) den Treoir sin, sa tríú tír lena mbaineann, ní mór do na Ballstáit, faoi chuimsiú na modhanna atá le leagan síos leis an dlí náisiúnta de bhun mhír 2(b) den Airteagal sin, scrúdú a dhéanamh ar an staid sa tír lena mbaineann. Mar is léir ó fhoclaíocht aithris 46, ní féidir fíorú na gcaighdeán sin a bhunú ar staidéar foirmiúil amháin ar chóras dlí ar leith agus ní mór é a bheith bunaithe freisin ar anailís atá cothrom le dáta agus nithiúil ar chur i bhfeidhm éifeachtach na bprionsabal a leagtar amach san Airteagal sin ag an tír sin.[18]

48. Ní shéanaim, i bhfianaise an cheanglais sin, go bhfuil ról fíor-riachtanach ag ligean isteach nó athligean isteach éifeachtach iarratasóra ar leith ar chosaint idirnáisiúnta a mhéid nach mbeidh an t-iarratasóir sin in ann tairbhe a bhaint as cóireáil i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 38(1) de Threoir 2013/32 ach amháin a mhéid a cheadaítear dó nó di dul isteach sa tríú tír lena mbaineann. Mar sin féin, measaim go mbaineann an fíorú is gá ag an gcéim seo leis an gcinnteacht go gcaithfear leis an iarratasóir i gcomhréir leis na prionsabail sin i gcás ina suífear ina dhiaidh sin go rachaidh sé nó sí isteach i gcríoch an tríú tír.

49. Ní mór a shonrú nach bhfuil teacht isteach an iarratasóra sa tríú tír i measc na bprionsabal a leagtar amach san Airteagal sin agus nach gcuirtear san áireamh é ach amháin nuair a dhéantar scrúdú ar staid aonair an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta. I mo thuairimse, tacaíonn anailís ar fhorálacha eile Airteagal 38 de Threoir 2013/32 leis an léiriú sin.

50. Ar an gcéad dul síos, ceanglaítear le mír 38(2)(a) den Airteagal sin ar na Ballstáit rialacha náisiúnta a leagan síos maidir le nasc a bheith ann idir iarratasóir ar leith agus an tríú tír lena mbaineann sa chaoi go mbeadh sé réasúnach don iarratasóir sin dul chuig an tír sin. Go loighciúil, ní féidir measúnú aonair a dhéanamh ar nasc a d'fhéadfadh údar a thabhairt le hiarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a theacht isteach sa tír lena mbaineann go dtí go n-áireoidh an Ballstát, i gcomhréir leis na modhanna ainmniúcháin a leagtar síos leis an dlí náisiúnta, go gcomhlíontar na coinníollacha carnacha a leagtar síos in Airteagal 38(1) den Treoir sin, atá riachtanach chun an tír sin a ainmniú mar thír shábháilte go ginearálta.

51. Ar an dara dul síos, foráiltear le hAirteagal 38(4) de Threoir 2013/32 do na hiarmhairtí a bheadh ann dá ndiúltódh tríú tír d'iarratasóir ar leith ar chosaint idirnáisiúnta teacht isteach. Dá bhrí sin, comhfhreagraíonn cás den sórt sin don chéim ag a gcoisctear forfheidhmiú an chinnidh sin i gcás ina ndiúltaíonn an tír sin dul isteach ina críoch, d'ainneoin forais a bheith ann lena chreidiúint go ndéanfar an t-iarratasóir a ligean isteach nó a athligean sa tríú tír shábháilte. I gcás den sórt sin, ní mór don Bhallstát rochtain a ráthú don iarratasóir ar nós imeachta chun a iarratas a scrúdú i gcomhréir leis na bunphrionsabail agus na ráthaíochtaí a leagtar síos sa Treoir sin. Dá bhrí sin, ní gné riachtanach é cineál iarbhír an ligean isteach nó an athligean isteach chun go n-aicmeofaí mar thríú tír shábháilte é ach coinníoll, nach mór a fhíorú tráth an chur chun feidhme, atá fíor-riachtanach chun an coincheap sin a chur i bhfeidhm maidir le hiarratasóir ar leith.

[18] Féach freisin, HCR, 'UNHCR Statement on safe country concepts and the right to an effective remedy in admissibility procedures', Meán Fómhair 2019.

52. Tacaítear leis an léiriú sin trí scrúdú a dhéanamh ar na forálacha a bhaineann leis an gcoincheap ‘tír an chéad tearmainn’, arb ionann é, de réir Airteagal 33(2)(b) de Threoir 2013/32, agus foras le neamh-inghlacthacht an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta. I ndáil leis sin, is léir ó Airteagal 35(1) den Treoir sin go bhfuil feidhm ag an gcoincheap sin más rud é go bhfuil an t-iarratasóir aitheanta cheana féin mar dhídeanaí sa tír sin agus go bhféadfaidh sé nó sí fós brath ar an gcosaint sin nó cosaint leordhóthanach a bheith aige nó aici ar bhealach eile, lena n-áirítear tairbhe phrionsabal an *non-refoulement*, ar choinníoll go ligtear nó go n-athligtear isteach é.

53. Dá bhrí sin, tá sé de chomhchuspóir ag na coincheapa ‘tír an chéad tearmainn’ agus ‘tríú tír shábháilte’ ligean isteach nó athligean isteach an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta a chur faoi réir a n-iarratais. Mar sin féin, is léir ó fhoclaíocht Airteagal 35 de Threoir 2013/32 nach mór an coinníoll sin a fhíorú *ab initio*, agus é mar thoradh air sin nach féidir glacadh leis an aicmiú mar chéad tír tearmainn mura ligtear nó athligtear isteach an t-iarratasóir. Dá bhrí sin, is léir ó Airteagal 38 den Treoir sin, ina dtagraítear d’iontráil chruthaithe an iarratasóra i mír 4 amháin, nach bhfuil ligean isteach nó athligean isteach iarbhír na n-iarratasóirí ar cheann de na réamhriachtanais chun tír a ainmniú mar thír shábháilte go ginearálta agus nach mór é a fhíorú ach amháin ag céim an scrúdaithe aonair ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

54. Tuigim ó na breithnithe sin go léir nach gcoisctear ar Bhallstát reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh lena n-ainmnítear an tír sin mar thír shábháilte i gcoitinne toisc go gcoisctear, *de facto* agus go ginearálta, iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a athligean isteach ar a chríoch.

55. Tá sé i gceist leis an réiteach a mholaim don Chúirt a ghlacadh, mar a éilítear leis an dara agus leis an tríú ceist a tharchuirtear chun réamhrialú, a chinneadh a mhéid is gá agus cathain is gá an nós imeachta a thionscnaíonn iarratasóir ar leith ar chosaint idirnáisiúnta a chur san áireamh.

2. An dara agus an tríú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

56. Lena dara agus tríú ceist, féachann an chúirt a rinne an tarchur lena fháil amach an gcuirtear cosc, le diúltú ginearálta agus iomlán an tríú tír atá ainmnithe mar thír shábháilte go ginearálta, ar ghníomh aonair a ghlacadh lena meastar go bhfuil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta do-ghlactha de bhun Airteagal 33(2)(c) agus Airteagal 38 de Threoir 2013/32 nó an gá an coinníoll a bhaineann le ligean isteach nó athligean isteach a fhíorú ach amháin tráth chur chun feidhme an ghnímh sin.

57. Chun an cheist sin a fhreagairt, ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcás ina gcuirtear an coincheap ‘tríú tír shábháilte’ i bhfeidhm maidir le hiarratasóir ar leith ar chosaint idirnáisiúnta, nach mór, i bprionsabal, scrúdú a dhéanamh ar an gcoinníoll a bhaineann le ligean isteach nó athligean isteach an iarratasóra sin in dhá chéim, an chéad chéim a bhaineann le glacadh an chinnidh maidir le neamh-inghlacthacht, an dara céim a bhaineann le cur chun feidhme an chinnidh sin.

58. Maidir leis an gcéad cheann de na céimeanna sin, is léir ó Airteagal 38(2)(a) de Threoir 2013/32 nach bhféadfar cinneadh maidir le neamh-inghlacthacht bunaithe ar choincheap an ‘tríú tír shábháilte’ a ghlacadh ach amháin i gcomhthéacs rialacha náisiúnta lena bhforáiltear nach mór nasc a bheith ann idir an t-iarratasóir agus an tríú tír lena mbaineann, *ar ar a mbonn a bheadh sé réasúnach don iarratasóir dul chuig an tír sin*. Thairis sin, le haithris 44 den Treoir sin, atá dírithe ar an gcoincheap sin, ní dhíolmhaítear na Ballstáit óna n-oibleagáid scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar shubstaint an iarratais sin ach amháin más rud é ‘go bhfuil cúiseanna ann lena chreidiúint go ndéanfar an t-iarratasóir a ligean nó a athligean isteach sa tír sin’. Dá bhrí

sin, is léir ó na téacsanna sin go nglactar leis, trí chinneadh a ghlacadh lena ndiúltaítear d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta de bhun an choincheapa 'tríú tír shábháilte', gur dócha nó, ar a laghad, go bhfuil sé inchreidte go ligfí isteach nó go n-athligfí an t-iarratasóir isteach sa tír sin.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

59. Is tar éis na chéad chéime sin amháin nach mór do na Ballstáit éifeachtacht ligean isteach nó athligean isteach an iarratasóra a fhíorú. Má shuitear, d'ainneoin gurb ann don dóchúlacht a leagtar amach thuas, nach n-údaraíonn an tríú tír lena mbaineann teacht isteach an iarratasóra ar a críoch, ní fhéadfaidh na Ballstáit an cinneadh maidir le neamh-inghlacthacht a fhorfheidhmiú agus ní mór dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 38(4) den Treoir sin, cead a thabhairt don duine sin nós imeachta a thionscnamh chun scrúdú a dhéanamh ar a iarratas nó a hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

60. Dá réir sin, i gcás ina bhfuil na Ballstáit cinnte, ón gcéad chéim, nach mbeidh an t-iarratasóir in ann taisteal chuig an 'tríú tír shábháilte', níl aon chuspóir leis an bhfíorú a rinneadh, ag an dara ceann de na céimeanna sin, ar éifeachtacht an ligean isteach nó an athligean isteach. I gcás den sórt sin, measaim, mar gheall ar an gcinneadh, ón gcéad chéim, maidir le ligean isteach nó athligean isteach an iarratasóra ar chosaint idirnáisiúnta, nach féidir leis na Ballstáit cinneadh maidir le neamh-inghlacthacht a ghlacadh i ndáil leis an iarratasóir sin bunaithe ar an gcoincheap 'tríú tír shábháilte'.

61. Is é mo thuairim nach féidir an tátal sin a chur ó bhail toisc gur ainmníodh an tír lena mbaineann roimhe sin leis an reachtaíocht náisiúnta mar thír shábháilte go ginearálta. Ní bhraitheann an t-ainmniú sin, nach bhfuil faoi réir ach chinnteacht chomhlíonadh na bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 38(1) de Threoir 2013/32, ar a thréithriú go bhfuil forais ann lena chreidiúint go ndéanfar iarratasóir ar leith a ligean nó a athligean sa tír sin.

62. Thairis sin, is cosúil go dtacaíonn dhá fhachtóir liom leis an anailís sin.

63. Ar an gcéad dul síos, ba cheart a mheabhrú, de réir aithris 18 de Threoir 2013/32, 'is chun leasa na mBallstát agus na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta araon a ndéanfar cinneadh a luaithe is féidir maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta, gan dochar do scrúdú leordhóthanach agus uileghabhálach a dhéanamh.'[19] Measaim, i gcás amhail an cás sna príomhimeachtaí, go mbeadh sé contrártha don oibleagáid maidir le luas a eascraíonn as an Airteagal sin fanacht le tráth cur chun feidhme cinnidh lena ndiúltaítear d'iarratas toisc é a bheith neamh-inghlactha chun teacht ar na conclúidí iomchuí ó staid fíorais a bhí ar eolas ón tráth a scrúdaíodh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

64. Ar an dara dul síos, glacann reachtas an Aontais Eorpaigh leis an réiteach sin go sainráite le Rialachán (AE) 2024/1348.[20] Mar sin, is léir ó aithris 53 agus ó Airteagal 38(1)(b) den Rialachán sin nach féidir le húdaráis inniúla Ballstáit diúltú d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta mar iarratas

[19] Cuirtear an oibleagáid sin in iúl go sonrach in Airteagal 31(2) de Threoir 2013/32, lena gceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear an nós imeachta scrúdúcháin i gcrích a luaithe is féidir, gan dochar do scrúdú iomchuí uileghabhálach.

[20] Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L 2024/1348, 22.5.2024). Tá feidhm ag an Rialachán nua sin, de bhua Airteagal 79(3) de, maidir leis an nós imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú i ndáil le hiarratais a taisceadh ón 12 Meitheamh 2026, ós rud é go bhfuil iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a taisceadh roimh an dáta sin fós faoi rialú Threoir 2013/32.

neamh-inghlactha ar bhonn an choincheapa ‘tríú tír shábháilte’ nuair is léir, ag céim an scrúdaithe ar inghlacthacht, nach ligfear nó nach n-athligfear an t-iarratasóir isteach sa tríú tír lena mbaineann.

65. Ag an bpointe seo i mo réasúnaíocht, feictear dom go bhfuil sé tábhachtach, ar bhonn na faisnéise a chuir Rialtas na Gréige ar fáil ag an éisteacht, an nós imeachta a leanann údaráis na Gréige a chur i láthair, toisc go léiríonn sé na deacrachtaí a eascraíonn as cleachtas fanacht go dtí go gcuirtear cinneadh maidir le neamh-inghlacthacht chun feidhme nuair a shuitear cheana nach n-údarófar an t-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, mar gheall ar fhionraí ginearálta na n-athligean isteach, sa tríú tír lena mbaineann.

66. Go loighciúil, is féidir cur síos a dhéanamh ar an nós imeachta sin mar seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, glacann údaráis na Gréige cinneadh lena ndiúltaítear don iarratas ar chosaint idirnáisiúnta toisc é a bheith neamh-inghlactha ar an bhforas, trí ghníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige, gur ainmníodh an Tuirc, i leith catagóirí áirithe iarratasóirí, mar thríú tír shábháilte.

67. Ina dhiaidh sin, ag céim chur chun feidhme an chinnidh sin, chuaigh an Ghréig i dteagmháil leis an Tuirc chun a fháil amach an bhfuil sí sásta cead a thabhairt don iarratasóir dul isteach ina críoch. Ós rud é gur dhiúltaigh údaráis na Tuirce freagra a thabhairt ar gach iarraidh den sórt sin, d’fhan údaráis na Gréige le tréimhse ama, ar cuireadh síos uirthi mar thréimhse ‘réasúnta’ [21] ag an éisteacht, chun a shuí nach féidir an t-iarratasóir a athligean isteach.

68. Ar deireadh, a luaithe a rinneadh an cinneadh sin, chuir Rialtas na Gréige in iúl gur faoin duine lena mbaineann atá sé iarratas nua chuige sin a thaisceadh ós rud é, faoi dhlí na Gréige, nach bhfuil sé d’oibleagáid ar na húdaráis inniúla tús a chur arís leis an scrúdú ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta *ex officio*. [22]

69. Mar thoradh ar an gcur i láthair sin, tugaim barúlacha breise, a d’fhéadfadh comhthacú le m’anailís, maidir le raon feidhme na hoibleagáide a fhorchuirtear ar na Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar shubstaint iarratais ar chosaint idirnáisiúnta i gcás nach bhfuil an t-iarratasóir údaraithe dul isteach i gcríoch an tríú tír shábháilte.

70. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, de réir Airteagal 2(c) de Threoir 2013/32, go gciallaíonn ‘iarratasóir’ ‘náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta nach bhfuil aon chinneadh críochnaitheach déanta ina leith go fóill’, agus an cinneadh críochnaitheach á shainmhíniú in Airteagal 2(e) den Treoir sin mar ‘aon chinneadh maidir le stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí a dheonú don náisiúnach tríú tír nó don duine gan stát de bhua [Threoir 2011/95][...]’. Leanann sé, mar a d’áitigh mé i mo Thuairim in *Országos Idegenrendészeti Főigazgatóság Dél-alföldi Regionális Igazgatóság*, [23] nach gcailleann imirceach a stádas mar

[21] Tugaim faoi deara, lasmuigh den chur síos sin, gur luaigh Rialtas na Gréige ag an éisteacht go bhfreagraíonn an tréimhse sin do roinnt míonna gan a bheith in ann faisnéis níos beaichte a chur in iúl maidir lena fad beacht. Ar aon chuma, measaim go bhfuil teorainn ama den sórt sin saorga amháin ós rud é go bhfuil sé cinnte nach n-athligfear an t-iarratasóir isteach i gcríoch na Tuirce. I mo thuairimse, léiríonn cinneadh den sórt sin nár comhlíonadh an oibleagáid maidir le luas a fhorchuirtear le Treoir 2013/32.

[22] De réir na mínithe a thug Rialtas na Gréige, ní mór a mheas go bhfuil an t-iarratas nua sin inghlactha agus, dá bhrí sin, ní mór é a scrúdú ar bhonn fiúntais. Is cosúil go leanann oibleagáid den sórt sin ó Airteagal 86(5) de Dhlí na Gréige maidir le Cosaint Idirnáisiúnta, ar dá réir ‘[i] gcás nach gceadaíonn an tríú tír dá dtagraítear thuas don iarratasóir dul isteach ina críoch, déanfaidh na húdaráis atá inniúil ar chinneadh a dhéanamh substaint an iarratais a scrúdú’.

[23] C-924/19 PPU agus C-925/19 PPU, EU:C:2020:294, mír 118.

iarratasóir ach amháin nuair a ghlactar cinneadh lena n-eisiatar aitheantas do stádas dídeanaí nó do dhuine a bhfuil cosaint choimhdeach de dhíth air nó, i bhfocail eile, cinneadh maidir leis na tuillteanais. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

71. Is é an fheidhm a bhaineann leis an gcoincheap 'tríú tír shábháilte' a chur i bhfeidhm ná a chur ar chumas d'údaráis Ballstáit amháin freagracht as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a aistriú chuig tír eile ar deimhin léi go ndéileálfaidh sí leis an imirceach i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 38(1) de Threoir 2013/32. Ón taobh sin de, ráthaítear leis an gcoincheap sin don duine lena mbaineann go ndéanfaidh scrúdú ar shubstaint a iarratais ar chosaint idirnáisiúnta, bíodh sin sa Bhallstát inar thaisc sé a iarratas nó, i gcás ligean isteach nó athligean isteach iarbhír, sa tríú tír lena mbaineann.

72. Ar bhonn na bhfachtóirí sin, feictear dom go gcaithfear idirdhealú a dhéanamh idir dhá chás.

73. Comhfhreagraíonn an chéad cheann de na cásanna sin don chás ina nglacann Ballstát cinneadh maidir le neamh-inghlacthacht tar éis dó a shuí go bhfuil forais ann lena chreidiúint go bhfuil an t-iarratasóir ag dul chuig an tír a aicmítear mar 'thríú páirtí sábháilte'. Má tharlaíonn sé, ag an gcéim ina gcuirtear an cinneadh sin chun feidhme, nach n-údaraíonn an tír sin don duine sin dul isteach ina críoch, coimeádann an duine sin a stádas mar iarratasóir, agus mar thoradh air sin ní mór don Bhallstát an scrúdú ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a atosú uaidh féin.

74. Comhfhreagraíonn an dara ceann de na cásanna sin don chás sa díospóid sna príomhimeachtaí. Sa chás sin, ní mór don Bhallstát, gan a bheith in ann cinneadh maidir le neamh-inghlacthacht a ghlacadh faoin gcoincheap 'tríú tír shábháilte', leanúint den scrúdú ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.[24]

75. I bhfianaise na mbreithnithe sin go léir, molaim gur cheart don Chúirt a mheas, i gcás ina bhfuair Ballstát an chinnteacht nach n-údarófar an t-iarratasóir taisteal chuig críoch tíre a ainmnítear mar thír shábháilte i gcoitinne ón tráth a scrúdaíodh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, go gcuirtear cosc le hAirteagal 38 de Threoir 2013/32 cinneadh neamh-inghlacthachta a ghlacadh bunaithe ar an gcoincheap 'tríú tír shábháilte'.

VI. Conclúid

76. I bhfianaise na mbreithnithe sin go léir, molaim go bhfreagrófaí na ceisteanna a tharchuir an Simvoulio tis Epikrateias (an Chomhairle Stáit, an Ghréig) le haghaidh réamhrialú mar a leanas:

Ní mór Airteagal 38 de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar,

a léiriú sa chaoi:

– (1) nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena n-ainmnítear tríú tír mar thír shábháilte go ginearálta i ndáil le catagóirí áirithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i gcás ina bhfuil, d'ainneoin na hoibleagáide dlíthiúla atá uirthi, ligean isteach nó athligean isteach na

[24] I mo thuairimse, ach amháin i gcás forálacha náisiúnta níos fabhraí, níl aon rud ann chun cosc a chur ar Bhallstát, a leanann de scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, a bheith ag brath ar cheann eile de na forais neamh-inghlacthachta a liostaítear in Airteagal 33(2) de Threoir 2013/32.

n-iarratasóirí sin curtha ar fionraí ag an tír sin, ar bhealach ginearálta agus gan aon ionchas intuartha ann go n-athrófaí an seasamh sin;

– go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do chinneadh a ghlacadh lena meastar, de bhun choincheap an tríú tír shábháilte, iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a bheith neamh-inghlactha, cé go bhfuil an Ballstát cinnte, a luaithe a scrúdaítear an t-iarratas sin, nach gceadóidh an tríú tír lena mbaineann don iarratasóir dul isteach ar a críoch.